AN COIMISIÚN EORPACH
ARD-STIÚRTHÓIREACHT NA TRÁDÁLA

An Bhruiséil, Nollaig 2023

# Treoirlínte oibríochtúla don Phointe Iontrála Aonair agus sásra gearán chun comhaontuithe agus comhshocruithe trádála an Aontais Eorpaigh a fhorfheidhmiú

Mínítear sna treoirlínte oibríochtúla sin an chaoi a n-oibríonn an Pointe Iontrála Aonair i roinn Trádála Idirnáisiúnta an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh gearáin faoi bhacainní trádála nó neamh-chomhlíontacht le gealltanas inbhuanaitheachta i dtríú tíortha agus tugtar treoir iontu maidir le gearáin den chineál sin a thionscnamh.

## 1. Cad é an Pointe Iontrála Aonair?

Is é an Pointe Iontrála Aonair an pointe teagmhála láraithe do na páirtithe leasmhara uile atá lonnaithe san Aontas Eorpach ar mian leo gearán a dhéanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar an margadh nó maidir le neamh-chomhlíontacht le gealltanas[1] a bhí déanta ag tíortha eile faoi fhorálacha Trádála agus Forbartha Inbhuanaithe (‘TSD’) i gcomhaontuithe trádála an Aontais Eorpaigh nó faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (‘GSP’) an Aontais Eorpaigh[2]. Is é an Pointe Iontrála Aonair comhordaitheoir an chórais gearán a chinntíonn próiseas inmheánach cuíchóirithe chun dul i ngleic le saincheisteanna maidir le rochtain ar an margadh agus neamh-chomhlíontacht le gealltanais TSD/GSP. Agus teagmháil á déanamh leis na gearánaigh, leanann an Pointe Iontrála Aonair an Cód um Dhea-Iompraíocht Riaracháin[3].

Is é is aidhm do na treoirlínte sin cuidiú le páirtithe leasmhara tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn córas gearáin an Phointe Iontrála Aonair. San iarscríbhinn a ghabhann leis na treoirlínte sin, tá dhá threoirleabhar phraiticiúla ann maidir leis na foirmeacha gearáin atá ar fáil ar thairseach *Access2Markets* an Choimisiúin a líonadh isteach.

Ní dhéileálann an Pointe Iontrála Aonair le gearáin maidir le cosaint trádála (frithdhumpáil, frith-fhóirdheontas nó coimircí). Maidir le hábhair den sórt sin, téigh chuig an oifig um ghearáin cosanta trádála[4].

[1] Is féidir an Pointe Iontrála Aonair a úsáid chun gearáin a bhaineann le réimsí atá cumhdaithe ag comhaontuithe trádála an Aontais Eorpaigh a chlárú. Dá réir sin, ní bhaineann sé le réimsí atá cumhdaithe ag comhaontuithe eile an Aontais Eorpaigh, e.g. an eitlíocht, iasc, comhordú na slándála sóisialta, etc.
[2] Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lgh. 1-82).
[3] https://commission.europa.eu/documents_en?prefLang=ga
[4] Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig: https://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/trade-defence/

## 2. Cé atá in ann gearán a chur isteach

Faoin gcóras gearán, féadfaidh iad siúd a leanas gearán a chur faoi bhráid an Phointe Iontrála Aonair:

i. I gcás gearáin a bhaineann le rochtain ar an margadh:

a. Ballstáit den Aontas Eorpach
b. Eintitis a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Aontas
c. Comhlachais tionscail de chuideachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh
d. Comhlachais fostóirí de chuid an Aontais Eorpaigh
e. Ceardchumainn nó comhlachais ceardchumann a bunaíodh i gcomhréir le dlíthe aon Bhallstáit den Aontas Eorpach

ii. I gcás gearáin a bhaineann le TSD nó GSP:

a. Ballstáit den Aontas Eorpach
b. Eintitis a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Aontas
c. Comhlachais tionscail de chuideachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh
d. Comhlachais fostóirí de chuid an Aontais Eorpaigh
e. Ceardchumainn nó comhlachais ceardchumann a bunaíodh i gcomhréir le dlíthe aon Bhallstáit den Aontas Eorpach
f. Grúpaí Comhairleacha Baile AE a bunaíodh i gcomhréir le comhaontuithe trádála an Aontais Eorpaigh (le haghaidh gearáin a bhaineann le Trádáil agus Forbairt inbhuanaithe)
g. Eagraíochtaí Neamhrialtasacha a bunaíodh i gcomhréir le dlíthe aon Bhallstáit den Aontas Eorpach
h. Saoránaigh nó buanchónaitheoirí de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach

Féadfaidh gearánach aonair ó aon cheann de na catagóirí atá liostaithe gearán a dhéanamh nó féadfaidh gearánaigh iomadúla (laistigh de chatagóir amháin nó de chatagóirí éagsúla) gníomhú le chéile mar ghrúpa. Ba cheart do ghearánaigh a shonrú go soiléir an bhfuil siad ag gníomhú go heisiach thar a gceann féin nó an bhfuil siad ag déanamh ionadaíocht ar leasanna eile freisin, amhail eintitis nó eagraíochtaí comhchosúla atá lonnaithe sa tír chomhpháirtíochta. Má tá ionadaíocht á déanamh aige nó aici ar dhaoine eile, ní mór don ghearánach céannachtaí na n-eintiteas sin a nochtadh go hiomlán. Fanfaidh na sonraí sin faoi rún mar a léirítear faoi roinn 6.

## 3. Raon feidhme na faisnéise a éilítear sna foirmeacha gearáin

Chun cuidiú leis an bPointe Iontrála Aonair measúnú a dhéanamh ar neart agus ar thábhacht cáis a d’fhéadfadh a bheith ann, agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht a dhéanfar ina dhiaidh sin, cumhdaítear raon leathan faisnéise sna foirmeacha gearáin, maidir le Rochtain ar an Margadh agus TSD/GSP araon. Mínítear sna treoirlínte oibríochtúla sin ábharthacht na faisnéise sin agus a bhfuil ag teastáil.

Ní réamhchoinníoll é an fhaisnéis uile a iarrtar ar an bhfoirm ghearáin a chur isteach le go nglacfaidh an Pointe Iontrála Aonair le gearán. Dá iomláine an gearán, áfach, is ea is éasca a bheidh sé don Phointe Iontrála Aonair measúnú a dhéanamh agus teagmháil níos fearr a dhéanamh le comhpháirtithe trádála.

I gcás faisnéis áirithe nach bhfuil ar fáil go poiblí nó nach bhfuil ar fáil go héasca, níltear

ag súil go soláthróidh an gearánach sonraí beachta. Ina ionad sin, is leor freagra a thabhairt ar na ceisteanna a mhéid is féidir, na meastacháin is fearr a chur ar fáil agus míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht atá leis na meastacháin sin.

Tá an Pointe Iontrála Aonair réidh chun cúnamh a thabhairt do ghearánaigh fhéideartha, go háirithe FBManna agus páirtithe leasmhara beaga sula gcuirfear na gearáin isteach. Áirítear leis sin plé maidir leis an bhfaisnéis is gá don mheasúnú. Tugtar sonraí sa roinn seo a leanas maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis an bPointe Iontrála Aonair ag an gcéim réamhfhógra seo.

## 4. Réamhfhógra

Tuigeann an Pointe Iontrála Aonair go bhféadfadh dúshlán a bheith ag baint le gearán a bhfuil bunús maith leis a ullmhú, go háirithe do FBManna agus do pháirtithe leasmhara beaga. Chun an cúram sin a mhaolú, spreagtar páirtithe leasmhara dul i mbun teagmháil réamhfhógra leis an bPointe Iontrála Aonair chun an gearán a chuirfear isteach go foirmiúil a ullmhú. De rogha air sin, is féidir leis an bPointe Iontrála Aonair páirtithe leasmhara a dhíriú i dtreo ionstraimí eile, más oiriúnaí sin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá acu. D'fhéadfadh teagmháil réamhfhógra roghnach a bheith an-luachmhar don ghearánach agus don Phointe Iontrála Aonair araon. Go háirithe, d’fhéadfadh an bpróiseas réamhfhógra cuidiú leis an bhfaisnéis shonrach, i measc nithe eile, atá ag teastáil a chinneadh, rud a fhágann go mbeidh sé níos éasca don ghearánach a chuid iarrachtaí a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr.

Féadfaidh an gearánach teagmháil a dhéanamh leis an bPointe Iontrála Aonair sula gcuirfidh sé gearán isteach ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: TRADE-SINGLE-ENTRY-POINT@ec.europa.eu. Ar iarraidh ar theagmháil réamhfhógra a fháil, déanfaidh an Pointe Iontrála Aonair an gearánach a shainaithint agus a chur ar an eolas faoin bpointe teagmhála a thabharfaidh an t-ábhar ar aghaidh.

Le teagmhálacha réamhfhógra, tugtar an deis don Phointe Iontrála Aonair agus do na páirtithe leasmhara, sula dtugtar fógra faoi ghearán, saincheisteanna a phlé amhail bunús dlí an ghearáin, tionchar sistéamach nó eacnamaíoch na bacainne nó an tsáraithe a d’fhéadfadh a bheith ann, agus an méid faisnéise atá le cur isteach. Cuideoidh teagmháil réamhfhógra freisin leis an bPointe Iontrála Aonair láimhseáil an ghearáin a ullmhú trí na príomh-shaincheisteanna a shainaithint ag céim luath.

## 5. Na foirmeacha gearáin

Tá dhá fhoirm ghearáin ar líne ag an bPointe Iontrála Aonair: ceann le haghaidh bacainní ar rochtain ar an margadh agus ceann eile le haghaidh neamh-chomhlíontacht le gealltanais TSD/GSP. Ní mór an dá fhoirm ghearáin a líonadh isteach go díreach ar líne.[5] Is iad na foirmeacha gearáin an bonn don Phointe Iontrála Aonair chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach ann do bhacainn trádála, sárú ar ghealltanais TSD/GSP nó, i gcás an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, chun measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ábhartha maidir le bearta athchothromaithe a chur i bhfeidhm faoin gcomhaontú sin[6]..

[5] Access2Markets Leathanach teagmhála (europa.eu)

[6] Ba cheart na foirmeacha gearáin a úsáid freisin chun gearáin a bhaineann le gealltanais maidir le cothrom iomaíochta a chlárú, gealltanais a áirítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Ba cheart an fhoirm a bhaineann le trádáil agus forbairt inbhuanaithe a úsáid chun gearáin a bhaineann le caighdeáin Saothair agus shóisialta a

Tá dhá threoir phraiticiúla i gceangal leis na Treoirlínte Oibríochtúla sin chun na foirmeacha gearáin a líonadh isteach, de réir struchtúr na bhfoirmeacha gearáin atá ar fáil ar líne.

### 6. Rúndacht

Déileálfaidh an Pointe Iontrála Aonair leis an bhfaisnéis go léir a fhaightear mar fhaisnéis rúnda agus ní chuirfear in iúl go poiblí go bhfuarthas gearán, ábhar an ghearáin ná céannacht an ghearánaigh, ach amháin má tá an fhaisnéis curtha san fhearann poiblí ag an ngearánach féin . Chun gníomhaíochtaí forfheidhmithe an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát a chomhordú, roinnfear roinnt faisnéise anaithnidithe le húdaráis Ballstát den Aontas Eorpach.

Má bhaineann an gearán le bacainn ar rochtain ar an margadh, agus má thagann an Pointe Iontrála Aonair ar an gconclúid go bhféadfaí an tsaincheist a ardaíodh sa ghearán a mheas mar bhacainn ar thrádáil, foilseoidh sé faisnéis faoin mbacainn sin ar ardán Access2Markets an Choimisiúin . Áireofar san fhaisnéis na fíorais is ábhartha maidir leis an tsaincheist a ardaíodh (mar shampla, dáta tuairiscithe, earnáil, tír, tuairisc agus cóid an Chórais Chomhchuibhithe a raibh tionchar orthu) ach ní luafar inti conas a sainaithníodh an bhacainn ná ní áireofar inti aon ghné a bhaineann le tionchar eacnamaíoch na bacainne. Tabharfar an fhaisnéis sin cothrom le dáta go rialta.

Má bhaineann an gearán le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe nó Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife, agus má thagann an Pointe Iontrála Aonair ar an gconclúid go bhféadfadh sé gurbh ionann an tsaincheist a ardaíodh agus sárú ar oibleagáid TSD faoi chomhaontú trádála nó sárú ar Rialachán GSP a bhféadfadh aistarraingt fhabhair GPS a bheith mar thoradh air (Airteagail 15 nó 19 de Rialachán GSP), foilseoidh sé faisnéis faoin sárú sin i mbileog ar shuíomh gréasáin TSD an Choimisiúin. Áireofar san fhaisnéis na fíorais is ábhartha maidir leis an tsaincheist a ardaíodh ach ní luafar inti conas a sainaithníodh an sárú. Tabharfar an fhaisnéis sin cothrom le dáta go rialta.

I gcásanna ina bhfuil leibhéal méadaithe rúndachta ag teastáil (amhail i gcás riosca frithbhirt), iarrann an Pointe Iontrála Aonair ar ghearánaigh faisnéis a sholáthar faoi aon imthosca nó rioscaí den sórt sin a thuarann siad.

### 7. Obair leantach ar ghearáin

Ar ghearán a fháil, cuireann an Pointe Iontrála Aonair 'foireann cáis' speisialaithe le chéile. Tá an fhoireann sin comhdhéanta de chomhaltaí ón bPointe Iontrála Aonair agus saineolaithe a bhfuil taithí gheografach agus earnála acu. Is é ról na foirne cáis réamh-mheasúnú a dhéanamh ar an ngearán. Dírítear sa mheasúnú sin ar dhá phríomhréimse: iomláine na faisnéise arna cur isteach agus neart na fianaise arna soláthar.

---

chumhdach; An comhshaol agus an aeráid; agus, Ionstraimí eile le haghaidh na trádála agus na forbartha inbhuanaithe. Cumhdaítear na réimsí sin le Teideal XI: Cothrom iomaíochta le haghaidh iomaíocht oscailte chóir agus na hinbhuanaitheachta faoi Cheannteideal a hAon: An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Ba cheart an fhoirm a bhaineann le rochtain ar an margadh a úsáid maidir le réimsí eile a chumhdaítear leis an Teideal seo, lena n-áirítear faisnéis atá ábhartha do bheart athchothromaithe, don bheartas Iomaíochta, do rialú Fóirdheontais a chur i bhfeidhm; Fiontair faoi úinéireacht stáit agus fiontair ar deonaíodh pribhléidí nó cearta speisialta dóibh agus monaplachtaí ainmnithe; agus Cánachas. Féadfar sna gearáin maidir le caighdeáin saothair agus shóisialta, an comhshaol agus an aeráid nó rialú fóirdheontais dá dtagraítear thuas, faisnéis atá ábhartha do chur i bhfeidhm Airteagal 411 [Athchothromú] a áireamh.

Gheobhaidh an gearánach admháil ag an gcéim seo go bhfuarthas an gearán in éineacht le huimhir ghearáin aonair. Cuirfear an gearánach ar an eolas faoin bhfoireann cáis a bhunófar agus soláthrófar pointe teagmhála dó le haghaidh a cháis.

*An gearán a mheasúnú*

Le linn réamhanailís a dhéanamh ar an ngearán, d'fhéadfadh an fhoireann cáis, ag brath ar shonraíocht an cháis, teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach le hiarrataí ar fhaisnéis bhreise. Féadfaidh an fhoireann cáis plé a mholadh leis an ngearánach freisin chun tuiscint níos soiléire a fháil ar na saincheisteanna a ardaíodh. .

Tráth a bheidh méid leordhóthanach faisnéise bailithe ag an bhfoireann cáis, cuirfidh sí a réamh-mheasúnú ar an tsaincheist a ardaíodh i gcrích. Is éard atá i gceist leis sin a chinneadh an bhfuil an tsaincheist ina bacainn trádála nó an ardaíonn sí fadhbanna maidir le comhlíontacht TSD/GSP, agus na bealaí is iomchuí a shainaithint chun aghaidh a thabhairt orthu. Cuirfear an gearánach ar an eolas faoi thoradh an réamh-mheasúnaithe sin agus cuirfear in aithne dá bpointe teagmhála nua é le haghaidh na gníomhaíochta leantaí ina dhiaidh sin.

*Gníomhaíocht chun na saincheisteanna a réiteach, an gearánach a choinneáil ar an eolas agus tosaíochtaí a bhainistiú*

Cé go gcoinneofar an gearánach ar an eolas faoin dul chun cinn ar a ghearán agus ar a mheasúnú, tá sé tábhachtach cuimhneamh gur minic a bhíonn sé deacair treoir a thabhairt roimh ré maidir leis an luas ar féidir ábhair a thabhairt ar aghaidh nó a réiteach.

D'fhéadfadh freagairt an Choimisiúin a bheith éagsúil, ag brath ar an gcás, idir mhodhanna taidhleoireachta agus faireachán/maoirseacht idirnáisiúnta nó idir réiteach díospóidí foirmiúil (ag EDT, nó go déthaobhach) agus bhearta aontaobhacha. Ar na cúiseanna sin, ní féidir faisnéis faoi chéimeanna beachta nós imeachta na ngníomhaíochtaí sin a thabhairt sna treoirlínte sin, ós rud é go bhféadfadh siad a bheith éagsúil ó chás amháin go cás eile, ag brath ar an ngníomhaíocht a roghnaítear. I gcás ina bhfuil faisnéis nós imeachta ar fáil i gcásanna aonair (mar shampla i gcásanna réitigh díospóidí fhoirmiúil), roinnfidh an Pointe Iontrála Aonair an fhaisnéis sin leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Cé go bhféachfaidh an Coimisiún aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus na saincheisteanna trádála uile maidir le comhlíontacht TSD/GSP agus iad a bhaint, ní mór dó tosaíochtaí a leagan síos tráth ar bith freisin chun torthaí tapa a bhaint amach agus chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtúla as na hacmhainní. Beidh na tosaíochtaí sin bunaithe ar thrí chritéar: (1) an dóchúlacht go réiteofar an tsaincheist, (2) an bunús dlí, agus (3) an tionchar eacnamaíoch/sistéamach atá ag bacainní ar rochtain ar an margadh nó a thromchúisí atá an sárú maidir le hoibleagáidí TSD/GSP. Tá na tosaíochtaí sin dinimiciúil agus coimeádtar faoi athbhreithniú rialta iad. Tabharfaidh an tsolúbthacht sin deis don Choimisiún acmhainní a dhíriú ar na cásanna is ábhartha ar mó seans go réiteofar go dearfach iad tráth ar bith agus freagairt ar na hathruithe in imthosca go tapa agus go héifeachtúil.

*Ní ar ghearáin amháin atá obair cur chun feidhme an Choimisiúin bunaithe.*

Déanann an Coimisiún faireachán leanúnach ar chur chun feidhme na ngealltanas ag tríú tíortha, chun cosc a chur ar theacht chun cinn bacainní trádála, agus chun comhlíontacht le gealltanais TSD /GSP a chinntiú. Agus é sin á dhéanamh aige, braitheann an Coimisiún ar a líonra de thoscaireachtaí de chuid an Aontais agus ar theagmhálacha le hinstitiúidí den Aontas Eorpach agus leis na Ballstáit. Aon bhacainn nó ábhar imní a shainaithnítear ar an mbealach sin, cuirfear in iúl iad tríd an gcóras a chruthaítear faoin bPointe Iontrála Aonair

freisin chun a chinntiú go dtabharfar aird chuí orthu.

**Iarscríbhinn 1: Treoir phraiticiúil chun an fhoirm ghearáin maidir le rochtain ar an margadh a líonadh isteach**

***1. - céannacht an ghearánaigh agus a shonraí teagmhála***

Bailítear sa roinn seo faisnéis faoin duine a bhfuil an gearán á chur isteach aige/aici agus na sonraí faoin gcaoi ar féidir leis an bPointe Iontrála Aonair teagmháil a dhéanamh leis/léi.

Chomh maith le roinnt sonraí pearsanta (amhail ainm, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin agus seoladh comhfhreagrais), ba cheart don ghearánach, más infheidhme, an eagraíocht shonrach nó an t-údarás náisiúnta a bhfuil sé nó sí ag déanamh ionadaíochta uirthi nó air a chur in iúl go soiléir (e.g. ainm na cuideachta nó Aireacht nó Ambasáid shonrach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach).

Iarrtar ar an ngearánach a chur in iúl freisin más ionadaí é/í ar aon cheann díobh seo a leanas: Ballstát den Aontas; onnmhaireoir/allmhaireoir/infheisteoir san Aontas; comhlachas trádála náisiúnta nó AE san Aontas; nó eile.

Ar deireadh, ní mór don ghearánach an Ballstát/na Ballstáit den Aontas Eorpach ina n-oibríonn sé/sí/an eagraíocht a chur in iúl freisin (e.g. na tíortha den Aontas Eorpach ina bhfuil gníomhaíocht ag an gcuideachta nó na tíortha den Aontas Eorpach ina bhfuil na cuideachtaí atá mar chuid de chomhlachas trádála de chuid an Aontais Eorpaigh).

***2 - Faisnéis faoin mbacainn trádála***

Sa roinn seo, is féidir leis an ngearánach cur síos a dhéanamh ar an mbacainn a bhí air nó uirthi nó a bhfuil coinne aige nó aici léi nuair a thagann sé i bhfeidhm. Cuideoidh an fhaisnéis sin leis an bPointe Iontrála Aonair (agus le húdaráis na mBallstát) a fháil amach an fadhb aitheanta í sin agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcineál saincheisteanna a ardaíodh.

Iarrtar ar an ngearánach an tír atá ag forchur na bacainne a chur in iúl, míniú a thabhairt ar an bhfadhb atá ann agus ar an gcaoi a bhfuil sí ag dul i bhfeidhm ar a (h)oibríochtaí gnó.

A mhéid is féidir, iarrtar ar an ngearánach faisnéis a sholáthar maidir leis an mbeart is cúis leis an bhfadhb: an tagairt dhlíthiúil, téacs an bhirt agus an dáta teacht i bhfeidhm. I gcás ina n-eascraíonn an bhacainn as cleachtas riaracháin, is féidir an fhaisnéis sin a chur in iúl freisin.

Má bhaineann an gearán le dlíthe nó rialacháin nach bhfuil i bhfeidhm go fóill, ach atá á bplé nó á nglacadh, iarrtar ar an ngearánach an fhaisnéis sin a roinnt freisin ionas gur féidir leis an bPointe Iontrála Aonair féachaint le bacainní trádála amach anseo a chosc.

Ar deireadh, iarrtar ar an ngearánach sa roinn seo den fhoirm ghearáin an bhacainn trádála líomhainte agus an earnáil a mbíonn tionchar aici uirthi a chatagóiriú ar bhonn liosta réamhchinntithe, chomh maith leis na táirgí nó na seirbhísí a ndéanann an bhacainn difear dóibh, lena n-áirítear na cóid chustaim le haghaidh earraí nó EBOPS le haghaidh seirbhísí. Ba cheart an tuairisc a bheith chomh beacht agus is féidir agus níor cheart tagairt a dhéanamh inti díreach do chatagóirí leathana táirgí nó seirbhísí amháin (ach amháin má dhéanann an bhacainn líomhainte difear do chatagóir iomlán). Ba cheart don ghearánach tagairt a dhéanamh do chód/chóid an Chórais Chomhchuibhithe níos mionsonraithe chun na táirgí lena mbaineann a shainaithint – ceithre dhigit ar a laghad nuair is féidir.

Gheobhaidh an gearánach roghchláir anuas sna réimsí *catagóire* agus *earnála* ar mhaithe le roghnú níos éasca. I gcás éiginnteachta maidir leis an rogha is iomchuí, molaimid don

ghearánach comhairle a lorg ón bPointe Iontrála Aonair (chun treoir a fháil maidir leis an ábhar sin, féach an roinn 'Réamhfhógra' sna Treoirlínte Oibríochtúla).

***3 - Tionchar Eacnamaíoch/Sistéamach***

Cuideoidh an fhaisnéis a sholáthraítear sa roinn sin leis an bPointe Iontrála Aonair measúnú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus dlíthiúil na bacainne ar ghnó nó ar ghníomhaíocht an ghearánaigh, chomh maith le tuiscint a fháil ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann sé difear do ghnólachtaí eile san earnáil chéanna nó do chustaiméirí a bhraitheann ar a n-ionchur nó ar a seirbhísí. Cuideoidh sé linn freisin chun a fháil amach an mbeidh tionchar ar leith aige ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Aithníonn an Pointe Iontrála Aonair go bhféadfadh sé nach mbeadh an fhaisnéis iomlán ag an ngearánach chun freagra a thabhairt ar na ceisteanna sin go léir.

Go háirithe, iarrtar ar an ngearánach míniú a thabhairt ar thionchar na bacainne ó thaobh na heacnamaíochta de, amhail an tionchar ar onnmhairí, caillteanais, táirgeacht, díolacháin nó costais bhreise chun an bhacainn a chomhlíonadh.

Iarrtar ar an ngearánach freisin roinnt faisnéis úsáideach a roinnt chun anailís a dhéanamh ar an mbacainn, go háirithe an ndéantar difear do pháirtithe leasmhara eile, amhail cuideachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh sna hearnálacha céanna nó in earnálacha éagsúla nó FBManna. Leis an gceist faoi táirgeoirí nó soláthraithe intíre sa tír ina bhfuil an bhacainn trádála, féachtar le tuiscint a fháil ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar idirdhealú ar chuideachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh i gcomparáid le cuideachtaí áitiúla. Ba cheart don ghearánach freagra a thabhairt le 'tá', 'níl' nó 'níl sé ar eolas' ar na fiosrúcháin sin.

Ar deireadh, tá an deis ag an ngearánach a thuairimí a thabhairt maidir le cé acu an sáraíonn nó nach sáraíonn an beart atá i gceist aon oibleagáid dhlíthiúil atá ar an tríú tír, amhail rialacha EDT nó rialacha an Chomhaontaithe Saorthrádála, lena n-áirítear prionsabail amhail trédhearcacht, neamh-idirdhealú agus comhréireacht.

***4 - Gníomhaíochtaí***

San fhoirm ghearáin, iarrtar ar an ngearánach faisnéis a chur isteach más rud é go bhfuil a fhios aige/aici gur lorg aon Bhallstát nó Ballstáit den Aontas nó aon chuideachta (an gearánach féin san áireamh) nó aon chomhlachas tionscail nó aon chomhlacht eile sásamh maidir leis an mbeart trí údaráis náisiúnta (na cúirt intíre san áireamh) na tíre a bhfuil an beart á forchur aici.

Ar an gcaoi chéanna, fiafraítear san fhoirm ghearáin an bhfuil an gearánach ar an eolas faoi aon ghníomh a thagann ó aon údarás/cuideachta/comhlachas tionscail/comhlacht eile ó thír lasmuigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear cuideachtaí áitiúla sa tír a d'fhorchuir an bhacainn

Tá an fhaisnéis sin tábhachtach don Phointe Iontrála Aonair toisc go gcuirfear gnéithe breise ar a shúile dó chun cinneadh a dhéanamh maidir le conas aghaidh a thabhairt ar an tríú tír ar bhealach níos éifeachtaí.

Cé nach bhfuil gníomhaíocht roimh ré ná gníomhaíocht bheartaithe éigeantach chun gearán a thionscnamh leis an bPointe Iontrála Aonair, tá tábhacht ag baint le haon fhaisnéis maidir leis an ngníomhaíocht sin agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Leis an bhfaisnéis sin, beidh an Pointe Iontrála Aonair in ann tuiscint a fháil ar conas aghaidh a thabhairt ar an tríú tír ar bhealach níos fearr agus a léiriú go bhfuil sé ar an eolas faoi éabhlóid na saincheiste

sin.

**Iarscríbhinn 2: Treoir phraiticiúil chun an fhoirm ghearáin TSD/GSPa líonadh isteach**

*1 - Céannacht an ghearánaigh*

Cuirfidh an gearánach in iúl go soiléir an duine nádúrtha, Ballstát den Aontas Eorpach nó eintiteas de chuid an Aontais Eorpaigh é (e.g. fiontair, comhlachais trádála nó comhlachais oibrithe/fostóirí) agus soláthróidh sé sonraí teagmhála ábhartha.

Más cuideachta den Aontas Eorpach, ceardchumann nó comhlachas tionscail nó comhlachas neamhrialtasach é an gearánach (beag beann ar cibé acu comhlachas náisiúnta nó comhlachas de chuid an Aontais Eorpaigh é), grúpa comhairleach baile de chuid an Aontais Eorpaigh nó aon chineál eile eintitis de chuid an Aontais Eorpaigh (féach catagóirí b go g i roinn 2.ii de threoirlínte oibríochtúla an Phointe Iontrála Aonair), ba cheart dó an rogha '*eintiteas*'a roghnú. Más Ballstát den Aontas Eorpach é an gearánach (catagóir a), ní mór dó an rogha '*Ballstát den Aontas Eorpach'* a roghnú. Más duine nádúrtha é an gearánach atá ag gníomhú thar a cheann féin, nó thar ceann saoránach/saoránaigh eile den Aontas, roghnóidh sé an rogha '*Duine nádúrtha ar saoránach nó buanchónaitheoir i mBallstát den Aontas Eorpach (AE) é'.*

tá an Pointe Iontrála Aonair ar an eolas gur minic a oibríonn eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe san Aontas Eorpach i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha/daoine nádúrtha i dtríú tíortha. Más amhlaidh an cás, iarrann an Pointe Iontrála Aonair ar an ngearánach/ar na gearánaigh aon chomhar den sórt sin a nochtadh agus leibhéal iomchuí faisnéise a bhaineann leo a sholáthar. Déileálfar leis sin mar chuid den fhaisnéis rúnda a dtugtar tuairisc air i roinn 6 de threoirlínte oibríochtúla an Phointe Iontrála Aonair.

*2 — Tuairisc fhíriciúil ar an sárú TSD/GSP*

Sa roinn seo den fhoirm ghearáin, iarrtar faisnéis maidir leis an sárú líomhainte ar ghealltanais TSD nó GSP agus maidir leis an mbunús dlí. Cuideoidh sé sin le réamhanailís an Phointe Iontrála Aonair toisc go mbeifear in ann an tsaincheist agus sáruithe féideartha a shainaithint ar bhealach níos fear.

Déileálfaidh an Pointe Iontrála Aonair le gearáin in aghaidh reachtaíocht sáraitheach agus in aghaidh cleachtais riaracháin ar bhonn cothrom. Mar sin féin, agus an roinn sin á líonadh isteach, tá sé tábhachtach cuimhneamh go bhféadfadh sé a bheith níos deacra aghaidh a thabhairt ar sháruithe a eascraíonn as cleachtais seachas as reachtaíocht, toisc go bhféadfadh sé a bheith níos deacra iad a chruthú.

I dtaca leis sin, tugtar faoi deara sa Phointe Iontrála Aonair go bhféadfadh sáruithe TSD/GSP teacht ó na nithe seo a leanas de ghnáth:

- gan oibleagáidí faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta a chomhlíonadh nó gan coinbhinsiúin idirnáisiúnta a thrasuí/a dhaingniú,
- reachtaíocht intíre a ghlacadh a sháraíonn na prionsabail a chumhdaítear i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta, nó
- gan na bearta intíre a chur chun feidhme i gceart. Ba cheart don ghearánach na fíorais is bunús leis an ngearán a leagan amach, go háirithe i bhfianaise an mhéid sin.

Sa chéad cheist den roinn seo den fhoirm ghearáin, iarrtar ar an ngearánach bunús dlí an

ghearáin a shainaithint. Ciallaíonn sé sin gur cheart don ghearánach an fhoráil/na forálacha i gcomhaontuithe saorthrádála (le haghaidh gearán a bhaineann le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe) nó i Rialachán GSP (le haghaidh gearán a bhaineann le Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife) a líomhnaítear a sháraigh an tríú tír a léiriú.

Sna ceisteanna seo a leanas sa roinn sin, iarrtar ar an ngearánach an fhoráil dlí/na forálacha dlí nó an cleachtas dlí/na cleachtais dlí sa tríú tír a sháraíonn an fhoráil/na forálacha a shainaithnítear sa chéad cheist a shainaithint. Ba cheart don ghearánach míniú a thabhairt freisin ar an gcaoi a sáraíonn an reachtaíocht nó na cleachtais sin iad.

I dtaca leis sin, déantar an t-idirdhealú fós san fhoirm ghearáin maidir le TSD/GSP idir sárú a eascraíonn as dlí agus as cleachtas, lena n-aithnítear go bhféadfadh an cleachtas sin a bheith chomh tromchúiseach céanna leis an gcéad cheann.

Iarrtar ar an ngearánach san fhoirm ghearáin maidir le TSD/GSP freisin tuairisc a thabhairt ar an dlí nó ar an gcleachtas sin agus ar an gcaoi a bhfuil sé ina shárú. Ina fhreagra ar an gceist sin, ba cheart don ghearánach téacs na reachtaíochta a sholáthar nó, má eascraíonn an sárú líomhainte as cleachtas riaracháin, míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtarlaíonn sé sin, agus gnéithe a sholáthar lena léirítear go bhfuil an cleachtas á dhéanamh go córasach ag an tríú tír, agus nach teagmhas fánach amháin é.

Ba mhaith leis an bPointe Iontrála Aonair aird an ghearánaigh a tharraingt ar an bhfíoras nach mór sárú oibleagáidí TSD nó GSP a bheith córasach sa tríú tír. Ciallaíonn sé sin nár cheart gur aon chás neamh-chomhlíontachta amháin a bheadh i gceist leis an sárú, ach gur cleachtas forleathan atá sa tríú tír nach dtugann na húdaráis inniúla aghaidh air i gceart. I dtaca leis sin, féadfar cleachtas a shainaithint mar mhífheidhmiú córasach reachtaíochta chomh maith leis an mainneachtain shistéamach dlí nó rialachán a chur i bhfeidhm a chomhlíonfadh oibleagáid TSD nó GSP an tríú tír.

Féadfaidh an gearánach a chur in iúl sa roinn sin freisin cad iad, ina thuairim, bunchúiseanna dealraitheacha an tsáraithe líomhainte. D’fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha chun dul i ngleic go héifeachtach leis an sárú líomhainte.

Tá difríocht idir na ceisteanna deireanacha sa roinn seo más sárú ar oibleagáid TSD i gcomhaontú saorthrádála nó sárú ar Rialachán GSP atá á líomhain ag an ngearánach. Níor cheart don ghearánach ach freagraí a thabhairt ar an gceist chuí.

*3 - Tionchar an sárú agus a thromchúisí atá sé*

I gcás saincheisteanna TSD/GSP, ba cheart don ghearánach faisnéis chuí-réasúnaithe a sholáthar maidir le tionchar agus troime/tromchúis an tsáraithe líomhainte, mar shampla damáiste a dhéantar don chomhshaol nó d’oibrithe sa chomhpháirtí trádála, chomh maith leis an tionchar eacnamaíoch measta, má tá sé ar fáil, ar oibreoirí an Aontais Eorpaigh a bhíonn ag trádáil leis an gcomhpháirtí trádála nó ag infheistiú sa chomhpháirtí trádála. Sa roinn seo, féachann an Pointe Iontrála Aonair le tuiscint a fháil ar mhéid an tsáraithe líomhainte agus an bhfuil sé sin sistéamach sa tríú tír.

Iarrtar ar an ngearánach san fhoirm ghearáin an oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar a thromchúisí atá an sárú. Braitheann an cineál faisnéise atá le soláthar go mór ar an sárú líomhainte. Mar sin féin, ba cheart an fhaisnéis a bheith mionsonraithe go leor ionas gur féidir measúnú ceart a dhéanamh ar na fíorais a thacaíonn leis an ngearán.

I dtaca leis sin, spreagann an Pointe Iontrála Aonair páirtithe leasmhara dul i mbun teagmhálacha réamhfhógra chun saincheisteanna amhail raon feidhme na faisnéise atá le

cur isteach a phlé agus chun príomh-shaincheisteanna a shainaithint go luath (féach na Treoirlínte Oibríochtúla).

A mhéid a bhaineann le gearáin a bhaineann leis na gealltanais maidir le neamh-chúlchéimniú agus athchothromú a áirítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (Airteagail 387 agus 391 [Neamh-chúlchéimniú ó leibhéil chosanta], Airteagal 411 [Athchothromú] a áirítear i dTeideal XI: Cothrom iomaíochta le haghaidh iomaíocht oscailte chóir agus forbairt inbhuanaithe), ba cheart faisnéis eacnamaíoch bhreise a sholáthar ar an gcaoi chéanna agus a dhéantar i gcás na foirme maidir le rochtain ar an margadh.

*4– Gníomhaíochtaí*

Iarrtar ar an ngearánach san fhoirm ghearáin faisnéis a chur isteach a léiríonn an rud é go bhfuil sé/sí ar an eolas faoi aon chuideachta/comhlachas tionscail/comhlacht eile a lorg sásamh maidir leis an mbeart trí údaráis náisiúnta (na cúirteanna intíre san áireamh) na tíre a bhfuil an beart á forchur aici.

Más amhlaidh, iarrtar ar an ngearánach na nithe seo a leanas a mhíniú san fhoirm ghearáin:

i. an cineál gníomhaíochta a rinneadh;
ii. an t-údarás faoina ndearnadh an ghníomhaíocht, agus;
iii. Má tá an ghníomhaíocht curtha i gcrích, an toradh uirthi.

San fhoirm ghearáin maidir le TSD/GSP, iarrtar ar an ngearánach míniú a thabhairt freisin ar an bhfáth a measann sé/sí nach leor toradh na gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an sárú; sin nó an fáth a measann sé/sí nár éirigh le cur chun feidhme (nó easnamh cur chun feidhme) an toraidh a d’fhéadfadh aghaidh a thabhairt air.

I gcásanna nár éirigh leis an ngníomhaíocht a bhí á triail, nó nár chuir an tríú tír an toradh chun feidhme, tá an freagra sách díreach. I gcás ina bhfuil dámhachtain fhabhrach curtha chun feidhme ag an tríú tír, ach ar bhealach nach gcuireann deireadh leis an sárú go héifeachtach, ba cheart don ghearánach míniú mionsonraithe a thabhairt ar ghníomhaíochtaí na tríú tíre.

Cé nach bhfuil gníomhaíocht roimh ré ná gníomhaíocht bheartaithe éigeantach chun gearán a thionscnamh leis an bPointe Iontrála Aonair, tá tábhacht ag baint le haon fhaisnéis maidir leis an ngníomhaíocht sin agus na torthaí a d’fhéadfadh a bheith ann. Leis an bhfaisnéis sin, beidh an Pointe Iontrála Aonair in ann a thuiscint an ndearnadh roinnt gníomhaíochtaí cheana agus cuirfear gnéithe breise ar fáil dó chun cinneadh a dhéanamh maidir le conas aghaidh a thabhairt ar an tríú tír ar bhealach níos éifeachtaí.

Lasmuigh de nósanna imeachta intíre, féachann an Pointe Iontrála Aonair freisin le tuiscint a fháil an ndearna comhlachtaí inniúla idirnáisiúnta faireacháin nó maoirseachta anailís cheana ar na fíorais a líomhnaítear gur sárú ar fhorálacha TSD nó GSP iad agus an ndearnadh aon ghníomhaíocht. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire nach gá go mbeadh gníomhaíochtaí glactha ag na comhlachtaí sin roimhe seo chun gearán a dhéanamh ach tugann an Pointe Iontrála Aonair dá aire go gcabhródh sé sin go mór leis an gcleachtadh aimsithe fíoras.

Dá bhrí sin, iarrtar ar an ngearánach san fhoirm ghearáin faisnéis mhionsonraithe a sholáthar faoin gcaoi a ndéileálann comhlachtaí ábhartha faireacháin nó maoirseachta coinbhinsiún idirnáisiúnta (e.g. an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, na Náisiúin Aontaithe, Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha) leis na sáruithe líomhainte agus faoin gcaoi a ngníomhaíonn siad ina leith.

*5 – Amlínte táscacha chun gearáin TSD a láimhseáil*

Agus gearáin TSD á dtabhairt ar aghaidh, oibreoidh an Pointe Iontrála Aonair de réir na n-amlínte seo a leanas:

i. a admháil go bhfuarthas an gearán laistigh de 10 lá oibre tar éis don Phointe Iontrála Aonair an gearán a fháil;
ii. a chinntiú go ndéanfar an chéad obair leantach leis an ngearánach laistigh de 20 lá oibre tar éis an gearán a fháil; agus,
iii. an chéad mheasúnú a dhéanamh ar an gcás chun a fháil amach an cosúil go ndearnadh sárú ar ghealltanais TSD laistigh de 120 lá oibre tar éis an gearán a fháil. Sainaithneofar sa mheasúnú sin freisin na chéad chéimeanna eile is iomchuí.

I gcás ina mbeidh gá le tuilleadh faisnéise ón ngearánach, nó i gcás ina n-iarrfaidh sé tuilleadh faisnéise ó eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta a bhfuil saineolas aici atá ábhartha don imscrúdú, féadfaidh an Pointe Iontrála Aonair spriocdháta 120 lá oibre a chur ar fionraí. Sna cásanna sin, atosaítear an tréimhse a luaithe a sholáthraíonn an gearánach nó an eagraíocht an fhaisnéis iomlán.

Féadfar an amlíne a chur ar fionraí freisin nuair a bheidh níos mó ama ag teastáil ón bPointe Iontrála Aonair chun anailís chasta a thabhairt chun críche, nó má thagann athrú ar fhíorais an cháis (e.g. faisnéis nua a bheith tagtha chun solais a dhéanann difear do mheasúnú an cháis). Sna cásanna sin, coinneoidh an Pointe Iontrála Aonair an gearánach ar an eolas maidir le hathruithe ar amlíne an cháis.